Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2020
(OR. en)

9548/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0144(NLE)**

PECHE 178
UD 110

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 322 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena n-osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021-2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 322 final.

Faoi iamh: COM(2020) 322 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2020
COM(2020) 322 final

2020/0144 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021-2023**

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Bíonn an tAontas ag brath ar allmhairí chun táirgí iascaigh áirithe a sholáthar. Le scór éigin blianta anuas, tá sé ag éirí níos spleáiche ar allmhairí i rith an ama chun an t-éileamh ar na táirgí sin a shásamh; faoi láthair, ní chumhdaítear ach 43 % dá riachtanais le táirgeadh iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais. Maidir leis na bearta trádála uathrialacha le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, tá sé d'aidhm acu go príomha cur ar chumas thionscal próiseála éisc an Aontais amhábhair a allmhairiú ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad chun a thuilleadh próiseála a dhéanamh orthu ag rátaí laghdaithe nó atá saor ó dhleacht. Chun iomaíocht chóir a áirithiú idir táirgí éisc allmhairithe agus táirgí iascaigh an Aontais ar mhargadh an Aontais, ba cheart tionchar na mbeart ar iomaíochas tháirgeoirí éisc an Aontais a chur san áireamh freisin.

D’fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas an 31 Eanáir 2020, le hidirthréimhse go dtí deireadh 2020. Tá an togra seo bunaithe ar an toimhde go dtiocfar ar chomhaontú saorthrádála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ag deireadh na hidirthréimhse ionas gur féidir leanúint leis na sreafaí trádála idir Ballstáit an Aontais agus an Ríocht Aontaithe, gan aon dleachtanna allmhairí a bheith i bhfeidhm. Mura bhfuil comhaontú trádála i bhfeidhm ag deireadh na hidirthréimhse a bhaineann le Brexit, is féidir leis an gComhairle a chinneadh an Rialachán maidir le taraif-chuótaí uathrialaitheacha a leasú.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an tionscnamh sin i gcomhréir le beartas seanbhunaithe an Aontais maidir le soláthar leordhóthanach táirgí iascaigh a dhaingniú dá thionscal próiseála, agus saothraítear an beartas sin leis an tionscnamh sin.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Neamhbhainteach

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais an bunús dlí atá leis an togra seo.

### • Comhréireacht

Tá an rogha bheartais comhréireach mar ní údaraítear ach méid teoranta de gach táirge, agus cuirtear san áireamh an ráta úsáide, an gá le cothrom iomaíochta idir táirgeoirí an Aontais agus táirgeoirí lasmuigh den Aontas, an breisluach agus fabhair thrádála eile.

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta mar is comhbheartas é an t-aontas custaim agus ba cheart, dá bhrí sin, é a chur chun feidhme le Rialachán arna ghlacadh ag an gComhairle.

### • An rogha ionstraime

Neamhbhainteach

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2020, rinneadh comhairliúcháin, trí mheán ceistneora, le táirgeoirí an Aontais, le próiseálaithe an Aontais agus le húdaráis náisiúnta inniúla ó na Ballstáit. An 29 Feabhra 2020, chuir an Coimisiún an nós imeachta comhairliúcháin i láthair na Comhairle Comhairlí um margaí, comhairle ina ndéantar ionadaíocht ar gach páirtí leasmhar (an lucht tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha). Níor chuir aon pháirtí leasmhar i gcoinne taraif-chuótaí uathrialaitheacha a chothabháil le haghaidh táirgí iascaigh.

Mar is iondúil, mhol táirgeoirí an Aontais cur chuige íostach (níos lú méideanna agus níos lú táirgí), a fhad is a mhol tionscal próiseála an Aontais cur chuige uastach (níos mó méideanna agus níos mó táirgí). Maidir leis na deich mBallstát a chuir a dtuairimí in iúl, chloígh siad den chuid is mó le comhairle a dtionscal féin. D'áitigh tír amháin go soiléir ar son an fhéinsoláthair agus an tsoláthair inmheánaigh bunaithe ar acmhainneacht tháirgeadh an Aontais, agus úsáid á baint as Gabhálacha Iomlána Incheadaithe (TACanna) agus as an gcóras cuótaí mar thagairt chun an acmhainneacht sin a anailísiú.

Tá an togra ón gCoimisiún mar gheall air sin cothrom agus é bunaithe ar anailís fhíorasach agus oibiachtúil ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis a bailíodh. Leis an togra ráthaítear soláthar leordhóthanach iomaíoch le haghaidh thionscal próiseála an Aontais, agus leasanna tháirgeoirí éisc an Aontais á gcur san áireamh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tugadh conradh do chomhairleoir seachtrach (EUMOFA) chun meastóireacht a dhéanamh ar bhreisluach gach táirge atá faoi réir taraif-chuótaí uathrialaitheacha. Cuireann a gcuid oibre le staidéar cuimsitheach ó 2015 agus leis an nuashonrú a rinneadh air in 2018 inar deimhníodh ábharthacht, comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht na dtaraif-chuótaí uathrialaitheacha. Baineadh leas as sonraí Eurostat agus as sonraí úsáide cuótaí chun gach cuóta beartaithe a ríomh.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair. Leanann an togra leis an ngníomh dlí atá ann faoi láthair agus a rachaidh in éag ag deireadh 2020, rud a fhágann, dá bhrí sin, nach bhfuil gá le measúnú tionchair. Tá comhairliúchán críochnúil le páirtithe leasmhara an Aontais déanta, áfach, sular cuireadh an togra ar aghaidh chuig meitheal na Comhairle le haghaidh díospóireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl sé infheidhme.

- **Cearta bunúsacha**

Níl sé infheidhme.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar ag an togra seo ar bhuiséad an Choimisiúin.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl sé infheidhme.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Níl sé infheidhme.

- Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Níl sé infheidhme.

2020/0144 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021-2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi láthair, bíonn soláthairtí tháirgí iascaigh áirithe an Aontais ag brath ar allmhairí ó thríú tíortha. Le scór éigin blianta anuas, tá an tAontas ag éirí níos spleáiche ar allmhairí chun a éileamh ar na táirgí iascaigh a shásamh. Chun a áirithiú nach gcuirtear táirgeadh tháirgí iascaigh an Aontais i mbaol agus go bhfuil soláthar leordhóthanach táirgí iascaigh ann dá thionscal próiseála, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin ar líon áirithe táirgí iascaigh a chur ar fionraí nó a laghdú laistigh de tharaif-chuótaí méid iomchuí. Chun iomaíocht chóir a áirithiú idir táirgí éisc allmhairithe agus táirgí iascaigh an Aontais ar mhargadh an Aontais, ba cheart tionchar na mbeart maidir le hiomaíochas tháirgeoirí iascaigh an Aontais a chur san áireamh freisin.

(2) Le Rialachán (AE) 2018/1977[1] ón gComhairle, osclaíodh bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2019-2020 agus rinneadh foráil maidir leis an mbainistiú sin. Ós rud é go rachaidh tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin sin in éag an 31 Nollaig 2020, ba cheart Rialachán nua dá ndéantar foráil maidir le taraif-chuótaí a ghlacadh le haghaidh na tréimhse 2021-2023.

(3) Ba cheart allmhairithe uile an Aontais tairbhiú de rochtain chomhionann agus neamhbhriste ar na taraif-chuótaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus ba cheart na rátaí a leagtar amach le haghaidh na dtaraif-chuótaí a chur i bhfeidhm gan bhriseadh i dtaca le hallmhairí uile na dtáirgí iascaigh lena mbaineann a thugtar isteach chuig na Ballstáit go dtí go mbeidh na taraif-chuótaí uile ídithe.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447[2] ón gCoimisiún déantar foráil maidir le córas bainistithe taraif-chuótaí ina leantar ord cróineolaíoch na ndátaí a

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1977 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2019-2020 agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin (IO L 317, 11.12.2018, lch. 2).

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

glacadh le dearbhuithe maidir le scaoileadh chun saorchúrsaíochta. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit na taraif-chuótaí arna n-oscailt ag an Rialachán seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras sin.

(5) Tá sé tábhachtach trédhearcacht, intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú do na páirtithe leasmhara uile. Ós rud é go bhfuil na taraif-chuótaí sin ceaptha chun soláthar leordhóthanach táirgí iascaigh a áirithiú do thionscal próiseála an Aontais, ba cheart leibhéal íosta cóireála nó oibríochta a bheith ag teastáil le haghaidh na teidlíochta cuótaí.

(6) Lena áirithiú go ndéanfar na taraif-chuótaí a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil, ba cheart a cheadú do na Ballstáit tarraingt ar mhéid an taraif-chuóta na méideanna is gá a chomhfhreagraíonn dá n-allmhairí iarbhír. Ós rud é, leis an modh bainistithe sin, go mbíonn dlúthchomhar ag teastáil idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar an ráta lena n-ídítear na taraif-chuótaí agus ba cheart dó na Ballstáit a chur ar an eolas dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar dleachtanna allmhairiúcháin ar na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a chur ar fionraí nó a laghdú chun go dtiocfaidh siad faoi na taraif-chuótaí, ag na rátaí, le linn na dtréimhsí agus suas go dtí na méideanna a shonraítear iontu.

*Airteagal 2*

Bainisteofar na taraif-chuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

*Airteagal 3*

Beidh na taraif-chuótaí faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

*Airteagal 4*

1. Maidir le cur ar fionraí nó laghdú dleachtanna allmhairiúcháin, beidh feidhm acu maidir le táirgí atá ceaptha le caitheamh ag an duine agus maidir leis sin amháin.

2. Ní bheidh na taraif-chuótaí ar fáil le haghaidh táirgí a dhéantar a phróiseáil ar an leibhéal miondíola nó lónadóireachta.

3. Ní bheidh na taraif-chuótaí ar fáil le haghaidh táirgí nach bhfuil ceaptha ach le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí seo a leanas:

   (a) glanadh, dí-inniú, an t-eireaball a bhaint, dícheannadh;

   (b) gearradh;

   (c) filléid mhear-reoite go leithleach atá reoite a athphacáil;

---

[3] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(d) sampláil, sórtáil;

(e) lipéadú;

(f) pacáil;

(g) fuarú;

(h) reo;

(i) íosreo;

(j) díreo

(k) glónrú;

(l) leá;

(m) deighilt.

4. D’ainneoin mhír 3, beidh na taraif-chuótaí ar fáil le haghaidh táirgí atá ceaptha le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí seo a leanas:

(a) dísliú;

(b) fáinní a ghearradh de, stiallacha a ghearradh de, le haghaidh ábhar faoi chóid CN 0307 43 91, 0307 43 92 agus 0307 43 99;

(c) filléadú;

(d) flapaí a tháirgeadh;

(e) bloic reoite a ghearradh;

(f) bloic reoite d'fhilléid idirdhuillithe a scoilteadh;

(g) sliseadh le haghaidh ábhair faoi chóid CN ex 0303 66 11, ex 0303 66 12, ex 0303 66 13, ex 0303 66 19, ex 0303 89 70 agus ex 0303 89 90;

(h) cóireáil le gáis phacáistíochta mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle[4] le haghaidh táirgí faoi chóid CN 0306 16 99 (foroinn TARIC 20 agus 30), 0306 17 92 (foranna TARIC 20), 0306 17 99 (foroinn TARIC 10), 0306 35 90 (foranna TARIC 12, 14, 92 agus 93), 0306 36 90 (foranna TARIC 20 agus 30), 1605 21 90 (foranna TARIC 45, 55 agus 62) agus 1605 29 00 (foranna TARIC 50, 55 agus 60).

*Airteagal 5*

Oibreoidh an Coimisiún agus údaráis chustaim na mBallstát i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go ndéanfar cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhainistiú agus a rialú go cuí.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023

4 Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**Ráiteas Airgeadais Reachtach 'Ioncam'**

1. **AINM AN TOGRA:**

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021-2023 agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin.

2. **LÍNTE BUISÉID:**

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 1 2, Airteagal 1 2 0

3. **AN TIONCHAR AIRGEADAIS**

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam.

(EUR milliún go dtí an chéad deachúil[5])

| Líne ioncaim[6] | Bliain N | BliainN+1 | BliainN+2 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 1.2.0 | 219.2 | 219.2 | 219.2 |

4. **BEARTA FRITHCHALAOISE**

Déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh roinnt táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 lena leagtar síos forálacha maidir le Cód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme.

5. **BARÚLACHA EILE**

Is é príomhthionchar an Rialacháin seo caillteanas ioncaim le haghaidh an Aontais. Agus an staidreamh iomlán is déanaí (2018) á ghlacadh mar bhonn, is féidir a mheas gurb é €219.2 milliún an caillteanas ioncaim atá ann mar thoradh ar an Rialachán seo le haghaidh na chéad bhliana den tréimhse trí bliana dar tús 2021.

Ríomhadh an méid luaite ar bhonn rátaí dleachta an náisiúin barrfhabhair, úsáid iomlán na gcuótaí, meánphraghas (€) in aghaidh an tonna agus 80 % de na dleachtanna a bheith san áireamh i mbuiséad an Aontais (€ 219.2 milliún = 80 % de € 274.0 milliún). Dá bhrí sin, is é sin an t-uasmhéid ioncaim is féidir a chailleadh ós rud é go ndeonaíonn an Comhphobal fabhair thrádála níos fearr do ghrúpaí éagsúla de thríú tíortha (Córas Ginearálaithe um Fhabhair (GSP, GSP+, Comhaontuithe Saorthrádála).

[5] Ní mór na méideanna in aghaidh na bliana a bheith ina meastachán bunaithe ar an bhfoirmle faoi rannóg 5 a bhfuil fonóta leis á sonrú, m.sh."an méid táscach bunaithe ar an bhfoirmle chomhaontaithe". Le haghaidh na bliana tosaigh, is gnách go n-íoctar an méid bliantúil gan laghdú nó *pro rata*.

[6] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh shiúcra, dleachtanna custaim), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 20 % a bhaint astu le haghaidh costais bhailiúcháin.

Is gnách, dá bhrí sin, gurb ionann caillteanas iarbhír an ioncaim agus méid níos lú toisc nach mbíonn feidhm ag dleachtanna an náisiúin barrfhabhair go ginearálta.